An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**EUCO 7/23**

**CO EUR 5**
**CONCL 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (29 agus 30 Meitheamh 2023)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí ECAT, an Ginearál Stoltenberg, maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT agus an tslándáil Eora-Atlantach, go háirithe tar éis shíniú an tríú dearbhú comhpháirteach, an 10 Eanáir 2023.*

*

* *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus meabhraítear di go bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus ag tacú freisin le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht láidir airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas réidh chun tacaíocht mhíleata inbhuanaithe a chur ar fáil don Úcráin a fhad is gá, go háirithe trí Mhisean um Chúnamh Míleata an Aontais agus tríd an tSaoráid Eorpach Síochána. Rinne sí a marana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le haon mhilliún aonad d’armlón airtléire agus diúracáin a sheachadadh agus a sholáthar go comhpháirteach don Úcráin. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit chun cabhrú le freastal ar riachtanais phráinneacha mhíleata agus cosanta na hÚcráine, gan dochar do chineál sonrach bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe, agus aird á tabhairt ar leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

3. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit réidh lena gcion a dhéanamh, i gcomhar lena gcomhpháirtithe, mar chuid de na gealltanais slándála a bheidh le tabhairt don Úcráin amach anseo, chun cuidiú leis an Úcráin í féin a chosaint san fhadtéarma, ionsaithe a dhíspreagadh agus cur in aghaidh iarrachtaí díchobhsaithe. I ndáil leis an méid sin, breithneoidh siad go pras módúlachtaí an rannchuidithe sin. Glacfar na gealltanais sin agus lánurraim á tabhairt do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar an ábhar sin.

4. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir scriosadh d'aon ghnó dhamba ghléasra cumhachta hidrileictrí Kakhovka, a raibh iarmhairtí tubaisteacha daonnúla, éiceolaíocha, talmhaíochta agus eacnamaíocha ag roinnt leis agus ar baol mór é do shábháilteacht agus slándáil ghléasra cumhachta núicléiche Zaporizhzhia. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit réidh lena thuilleadh tacaíochta a chur ar fáil don Úcráin, chomh maith leis an gcúnamh éigeandála le haghaidh iarrachtaí fóirithinte arna gcur ar fáil trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Tacaíonn an tAontas Eorpach go hiomlán le hobair na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach chun sábháilteacht agus slándáil núicléach a neartú san Úcráin.

5. Cuirfidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit dlús lena n-iarrachtaí for-rochtana taidhleoireachta agus leanfaidh siad de bheith ag obair i gcomhar leis an Úcráin agus le tíortha eile chun an tacaíocht idirnáisiúnta is leithne is féidir a áirithiú do phríomhphrionsabail agus do phríomhchuspóirí Fhoirmle Shíochána na hÚcráine, lena n-áirítear tríd an gCruinniú Mullaigh Domhanda Síochána atá ar na bacáin. Aon tionscnamh ar mhaithe le síocháin chuimsitheach chóir bhuan san Úcráin, ní mór dó a bheith bunaithe ar urraim iomlán do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad.

6. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé a áirithiú, i gcomhar leis na comhpháirtithe, go dtabharfar tacaíocht chobhsaí, intuartha, inbhuanaithe airgeadais don Úcráin do na blianta atá le teacht. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar an mBanc Eorpach Infheistíochta, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais, dlús a chur leis an tacaíocht atá á tabhairt aici do na riachtanais bonneagair is práinní atá ag an Úcráin. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine freisin, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear i réimsí an athshlánaithe shíceolaíoch agus shíceasóisialta agus an chúnaimh dímhianaithe. Thairis sin, rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an obair a rinneadh maidir le sócmhainní reoite na Rúise, agus iarrann sí ar an gComhairle, ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dul chun cinn a dhéanamh san obair, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus i gcomhar leis na comhpháirtithe.

7. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta go daingean gur cheart a áirithiú go mbeidh an Rúis lánchuntasach as a cogadh foghach ar an Úcráin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go bhfuil an Lárionad Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin réidh le tús a chur lena chuid oibríochtaí tacaíochta. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar na hiarrachtaí atá déanta binse a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, lena n-áirítear an obair a rinneadh sa Chroíghrúpa, agus iarrann sí go leanfaí den obair sin. Ba cheart an tacaíocht agus an dlisteanacht thrasréigiúnach is leithne a bheith ag an mbinse. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh Coinbhinsiún na Háige (Liúibleána) um Chomhar Idirnáisiúnta i ndáil le Coir an Chinedhíothaithe, Coireanna in aghaidh an Chine Dhaonna, Coireanna Cogaidh agus Coireanna Idirnáisiúnta eile a Imscrúdú agus a Ionchúiseamh, agus iarrann sí ar na tíortha ar fad a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún a luaithe is féidir. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach freisin gur bhunaigh Comhairle na hEorpa Clár an damáiste arna dhéanamh ag Fogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin, agus iarrann sí go leanfaí den obair sin.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir gur dhíbir agus gur aistrigh an Rúis leanaí agus sibhialtaigh Úcránacha eile chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis go neamhdhleathach. Iarrann sí ar Chónaidhm na Rúise agus ar an mBealarúis a áirithiú láithreach go gcuirfear na daoine sin ar ais go slán sábháilte.

9. Phléigh an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí atá á ndéanamh an brú ar an Rúis a mhéadú a thuilleadh chun gur laige a cumas a cogadh foghach a fhearadh, lena n-áirítear trí smachtbhannaí, cur chun feidhme iomlán éifeachtach na smachtbhannaí sin agus a n-imchéimniú a chosc. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di gur glacadh an 11ú pacáiste smachtbhannaí. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí bailchríoch a chur go pras ar an obair ar an treoir atá á beartú lena ndéanfar cionta coiriúla agus pionóis a chomhfhogasú i gcás sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais.

10. Cáineann an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt i gcónaí ag an Iaráin agus ag an mBealarúis do chogadh foghach na Rúise. Ní mór don Bhealarúis éirí as cead a thabhairt d'fhórsaí armtha na Rúise a críoch a úsáid, lena n-áirítear chun armáin núicléacha oirbheartaíochta a imscaradh. Ní mór don Iaráin stopadh de ladrainn a chur ar fáil don Rúis.

11. Aithníonn an Chomhairle Eorpach tiomantas agus iarrachtaí suntasacha na hÚcráine na coinníollacha a cheanglaítear faoina próiseas aontachais leis an Aontas a chomhlíonadh. Molann sí don Úcráin leanúint ar chonair a hathchóirithe. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair go dlúth leis an Úcráin agus ag tacú lena hiarrachtaí na coinníollacha uile a shásamh ina n-iomláine.

12. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do Phoblacht na Moldóive agus aghaidh á tabhairt aici ar na dúshláin atá os a comhair mar thoradh ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, agus sna hiarrachtaí athchóirithe atá á ndéanamh aici ar a conair Eorpach. Admhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas agus iarrachtaí suntasacha Phoblacht na Moldóive na coinníollacha a cheanglaítear faoina próiseas aontachais leis an Aontas a chomhlíonadh. Is díol sásaimh di an pacáiste tacaíochta a tíolacadh le déanaí agus seoladh Mhisean Comhpháirtíochta sibhialtach an Aontais. Molann sí Poblacht na Moldóive as an dara Cruinniú Mullaigh de chuid an Chomhphobail Pholaitiúil Eorpaigh a eagrú go rathúil, an 1 Meitheamh 2023.

13. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na céimeanna a thug údaráis na Seoirsia le déanaí. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an tSeoirsia chun tacú léi na coinníollacha is gá a chomhlíonadh chun dul chun cinn a dhéanamh ar a conair Eorpach.

14. Leanann an Rúis d'uirlis troda a dhéanamh de bhia, rud a bhaineann an bonn de shlándáil an tsoláthair bia ar fud an domhain. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an moilliú leanúnach atá á dhéanamh ar chur chun feidhme Thionscnamh Ghráin na Mara Duibhe agus iarrann sí go gcuirfí tús arís go pras agus go hiomlán lena chuid oibríochtaí. Tá ról lárnach ag Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais i gcónaí maidir leis an tslándáil dhomhanda bia a neartú.

15. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé tiomanta an tacaíocht do dhaoine easáitithe a threisiú, san Úcráin agus san Aontas Eorpach araon, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais leordhóthanach agus solúbtha do na Ballstáit sin ar orthu a bhfuil an t-ualach is mó de chostais leighis, oideachais agus mhaireachtála na ndídeanaithe.

## II. <u>CÚRSAÍ GEILLEAGAIR</u>

16. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach faoi staid reatha an gheilleagair.

17. Tar éis d'Uachtaránacht na Comhairle agus don Choimisiún tuairisciú a dhéanamh, rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht fhadtéarmach na hEorpa a fheabhsú, agus béim ar leith á leagan ar an Margadh Aonair a dhoimhniú agus ar a shláine, a cheithre shaoirse agus a oscailteacht a chaomhnú, agus an cothrom iomaíochta a áirithiú agus creat rialála fáis a chruthú lena laghdófaí an t-ualach riaracháin, agus ag an am céanna an beartas tionsclaíoch á neartú agus na spleáchais straitéiseacha á laghdú, go háirithe sna réimsí is íogaire.

18. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta 2023 agus i bhfianaise dlús a bheith á chur le haistriú dúbailte an Aontais i dtreo geilleagar atá glas agus digiteach, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    a) iarrann sí ar na comhreachtóirí dlús a chur leis an obair ar na tograí le haghaidh Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasach agus Gníomh um Amhábhair Chriticiúla d'fhonn teacht ar chomhaontú roimh dheireadh an timthrialla reachtaigh reatha agus iarrann sí go leanfaí den obair maidir le teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a slabhraí luacha a neartú;

    b) leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an tAontas Eorpach ina áit den scoth chun an intleacht shaorga a fhorbairt agus ar a riachtanaí atá sé teacht i dtír gan mhoill ar na deiseanna agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le roinnt úsáidí sonracha a bhaintear as an intleacht shaorga d'fhonn an nuáil agus an mhuinín a chothú, an infheistíocht agus an glacadh a chur chun cinn, agus d'fhonn rannchuidiú le caighdeáin dhomhanda a leagan síos, agus iarrann sí ar na comhreachtóirí bailchríoch a chur go pras ar an obair ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga;

    c) iarrann sí ar an gCoimisiún tionscnamh a chur ar aghaidh le haghaidh bearta práinneacha chun táirgeadh agus infhaighteacht leordhóthanach na gcógas agus na gcomhpháirteanna is criticiúla san Eoraip a áirithiú agus chun na slabhraí soláthair idirnáisiúnta a éagsúlú, agus ag an am céanna iarrann sí ar na comhreachtóirí leanúint den obair ar an athchóiriú atá á bheartú ar an reachtaíocht chógaisíochta agus dlús a chur leis an obair sin, lena n-áirítear maidir le rochtain ar chógais leighis agus maidir le hearnáil cógaisíochta nuálach agus iomaíoch;

    d) is díol sásaimh di gur tháinig an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe Paitinní i bhfeidhm i gcás na mBallstát rannpháirteach, agus gur tháinig an phaitinn aonadach i bhfeidhm dá réir sin, rud a chuideoidh le borradh a chur faoin nuáil agus faoin iomaíochas;

    e) tá sí ag súil leis an gcéad athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn maidir le feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais agus táirgiúlacht agus fás a mhéadú ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mhárta 2024;

f) iarrann sí go ndéanfaí Tuarascáil Ardleibhéil neamhspleách maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair a thíolacadh ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mhárta 2024 agus iarrann sí ar uachtaránachtaí inteachta na Comhairle agus ar an gCoimisiún leanúint den obair sin i gcomhar leis na Ballstáit;

g) iarrann sí ar an gCoimisiún bosca uirlisí a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus go háirithe ar an tionchar atá acu ar bhuntáiste iomaíoch na hEorpa.

19. Thug an Coimisiún tuairisc ar an bplé leis na Stáit Aontaithe maidir le héifeachtaí an Achta um Boilsciú a Laghdú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, le tacaíocht ó na Ballstáit, measúnú a dhéanamh ar thionchar an Achta um Boilsciú a Laghdú ar infheistíocht agus ar éifeachtacht na mbeart a rinne an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit mar fhreagairt ar an Acht, agus leanúint dá chuid oibre maidir le faireachán a dhéanamh ar na dálaí infheistíochta agus feabhas a chur orthu.

20. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar athléimneacht eacnamaíoch agus slándáil an Aontais chun leasanna an Aontais a chosaint ar fud na cruinne agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna. Iarrann sí go leanfaí cur chuige lena dtabharfaí freagraí comhréireacha cruinne spriocdhírithe ar dhúshláin slándála ar bhonn measúnú riosca.

21. Bhí plé ag an gComhairle Eorpach maidir leis na moltaí comhtháite tírshonracha mar a pléadh sa Chomhairle iad, agus dá bhrí sin, is féidir bailchríoch a chur anois ar Sheimeastar Eorpach 2023.

22. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint den obair maidir leis an Athbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch, d'fhonn an obair reachtach a thabhairt chun críche in 2023.

23. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar an ábhar sin.

## III. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

24. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an obair a rinneadh chun na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, Dearbhú Versailles ó mhí an Mhárta 2022 agus an Compás Straitéiseach a chur chun feidhme.

25. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur gá bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch earnáil cosanta na hEorpa a neartú agus é a dhéanamh níos nuálaí, níos iomaíche agus níos athléimní, go háirithe sa timpeallacht straitéiseach nua a éilíonn ullmhacht cosanta agus méadú suntasach ar acmhainneacht straitéiseach fhadtéarmach na hEorpa chun níos mó freagrachta a ghlacadh as a cosaint féin.

26. I ndáil leis an méid sin, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    a) iarrann sí go leanfaí ar aghaidh leis an obair ar gach snáithe aicsin chun armlón agus diúracáin a sheachadadh agus a sholáthar go comhpháirteach, go háirithe maidir leis an nGníomh mar thaca le Táirgeadh Lóin Airm d'fhonn é a ghlacadh go pras;

    b) dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di an comhaontú ar thángthas air maidir leis an nGníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (EDIRPA);

    c) iarrann sí ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP) chun acmhainneacht agus athléimneacht bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí, lena n-áirítear FBManna, a threisiú.

27. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an cinneadh uasteorainn airgeadais na Saoráide Eorpaí Síochána a mhéadú a thuilleadh le EUR 3.5 billiún chun raon feidhme geografach domhanda na Saoráide a chaomhnú, chun leanúint de thacaíocht mhíleata a sholáthar don Úcráin mar aon le cumas an Aontais géarchéimeanna agus coinbhleachtaí a chosc agus freagairt go mear orthu a choinneáil agus acmhainneacht a fhorbairt trína mhisin oiliúna.

28. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gCompás Straitéiseach a chur chun feidhme, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus an chibearchosaint, bagairtí hibrideacha, an tsoghluaisteacht mhíleata, an tslándáil spáis agus mhuirí. Is díol sásaimh di freisin an obair a rinneadh chun CBSC Sibhialtach a neartú, go háirithe gur fhormheasadh an Comhshocrú Sibhialtach CBSC nua le déanaí.

29. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach freisin an obair atá á déanamh ar Bheartas an Aontais maidir le Cibearchosaint agus ar an athbhreithniú ar Bhosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais chun an ábaltacht a neartú i leith cibirionsaithe a chosc, a dhíspreagadh agus i leith freagairt orthu.

## IV. <u>AN TSÍN</u>

30. Lean an Chomhairle Eorpach ar aghaidh lena plé straitéiseach maidir le caidreamh an Aontais leis an tSín agus d'athdhearbhaigh sí an cur chuige ilghnéitheach ó thaobh beartais de atá ag an Aontas i ndáil leis an tSín lenar páirtí, iomaitheoir agus céile comhraic sistéamach í ag an aon tráth amháin. D'ainneoin na gcóras éagsúil polaitíochta agus eacnamaíochta atá acu, is chun leasa choitinn an Aontais Eorpaigh agus na Síne araon é caidreamh cuiditheach cobhsaí a shaothrú, dar bunús urraim don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, rannpháirtíocht chothrom agus an chómhalartacht.

31. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith i dteagmháil leis an tSín chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus molann sé don tSín gníomhú ar bhealach níos uaillmhianaí maidir leis an méid a leanas: an t-athrú aeráide agus an bhithéagsúlacht, an ullmhacht sláinte agus an ullmhacht chun paindéime, an tslándáil bia, laghdú na dtubaistí, an faoiseamh fiachais, agus an cúnamh daonnúil.

32. Is comhpháirtithe tábhachtacha trádála agus eacnamaíocha i gcónaí dá chéile iad an tAontas Eorpach agus an tSín. Féachfaidh an tAontas Eorpach le cothrom iomaíochta a áirithiú, ionas go mbeidh an caidreamh trádála agus eacnamaíoch cothrom, cómhalartach agus chun tairbhe an dá thaobh. I gcomhréir le clár oibre Versailles, leanfaidh an tAontas Eorpach de spleáchais agus leochaileachtaí criticiúla a laghdú, lena n-áirítear ina chuid slabhraí soláthair, agus déanfaidh sé dí-rioscú agus éagsúlú i gcás inar gá agus inarb iomchuí. Níl sé i gceist ag an Aontas Eorpach díchúpláil ón tSín ná iompú isteach chuige féin.

33. Mar bhuanchomhalta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, tá freagracht ar leith ar an tSín maidir leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, Cairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta a chaomhnú. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an tSín brú a chur ar an Rúis stop a chur lena cogadh foghach agus a trúpaí a tharraingt siar ón Úcráin láithreach bonn, go hiomlán agus gan choinníoll.

34. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le Muir na Síne Thoir agus Theas don rathúnas réigiúnach agus domhanda, agus don tslándáil. Is ábhar imní don Aontas méadú an teannais i gCaolas na Téaváine. Cuireann an Chomhairle Eorpach i gcoinne aon iarrachtaí aontaobhacha an *status quo* a athrú le fórsa nó le comhéigean. Athdhearbhaíonn sí 'beartas na hAon Síne amháin' arb é beartas comhsheasmhach an Aontais é.

35. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí don urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha a chur chun cinn. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur atosaíodh an tIdirphlé leis an tSín maidir le Cearta an Duine. Athdhearbhaíonn sí gur cúis imní di an saothar éignithe, an chaoi a gcaitear le cosantóirí chearta an duine agus daoine ar de mhionlaigh iad, an staid sa Tibéid agus Xinjiang, mar aon le hurramú na ngealltanas a thug an tSín roimhe seo i ndáil le Hong Cong.

## V. <u>**CAIDREAMH SEACHTRACH**</u>

36. Phléigh an Chomhairle Eorpach na hullmhúcháin don chruinniú mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh. Deis a bheidh ann comhpháirtíocht a athnuachan agus a neartú bunaithe ar luachanna, stair agus cultúr atá i gcoitinne againn, agus teacht ar chomhaontú maidir le clár oibre dearfach réamhbhreathnaitheach. Le hidirphlé dé-réigiúnach rialta struchtúraithe, áiritheofar go ndéanfar obair leantach ar ghníomhaíochtaí nithiúla i réimsí leasa choitinn, lena n-áirítear trádáil agus infheistíocht, agus go gcuirfear chun feidhme iad. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt le chéile ar na géarchéimeanna domhanda aeráide agus comhshaoil, ar an méadú atá ag teacht ar an neamhionannas, ar dheiseanna an chlaochlaithe dhigitigh, agus ar a riachtanaí atá sé na slabhraí soláthair a éagsúlú, agus aghaidh a thabhairt freisin ar na bagairtí, ar mó ná riamh cheana iad, don tslándáil dhomhanda agus don ord riailbhunaithe.

37. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh le comhpháirtithe i gComharsanacht an Deiscirt. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair a rinneadh ar phacáiste comhpháirtíochta cuimsitheach leis an Túinéis, chun leasa an dá thaobh, bunaithe ar cholúin na forbartha eacnamaíche, na hinfheistíochta agus na trádála, an aistrithe chuig fuinneamh glas, na himirce agus na teagmhála idir daoine, agus tacaíonn sí le tús a chur an athuair le hidirphlé polaitiúil i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an Túinéis. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí straitéiseacha comhchosúla a neartú agus a fhorbairt idir an tAontas Eorpach agus comhpháirtithe sa réigiún.

38. Ag meabhrú di Dearbhú Chruinniú Mullaigh Thessaloniki idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar an 21 Meitheamh 2003, Dearbhuithe Shóifia, Shágrab, Brdo agus Thiorána ina dhiaidh sin, agus na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach roimhe seo, go háirithe iad siúd an 23-24 Meitheamh 2022, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tiomantas iomlán agus aonchiallach do pheirspictíocht na mBalcán Thiar maidir le ballraíocht san Aontas agus go dtacaíonn sí le dlús a chur leis an bpróiseas aontachais bunaithe ar fhiúntas agus na hathchóirithe gaolmhara.

39. Cáineann an Chomhairle Eorpach na heachtraí foréigneacha a tharla le déanaí i dtuaisceart na Cosaive* agus iarrann sí go bhféachfaí láithreach bonn leis an lasóg a bhaint den bharrach, bunaithe ar na príomhphointí a leag an tAontas Eorpach amach cheana féin an 3 Meitheamh 2023. Ba cheart do na páirtithe na coinníollacha a chruthú le go bhféadfaí toghcháin a reáchtáil go luath i ngach ceann de na ceithre bhardas i dtuaisceart na Cosaive. Beidh iarmhairtí diúltacha ann mura ndéanfar an teannas a mhaolú. Tá sé riachtanach go leanfaí den idirphlé arna éascú ag an Aontas faoi stiúir an Ardionadaí agus, i gcás an Chomhaontaithe maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe, go leanfaí de chur chun feidhme pras an chomhaontaithe sin agus na hIarscríbhinne Cur Chun Feidhme a ghabhann leis. Áirítear leis sin go ndéanfaí Comhlachas/Comhphobal na mBardas Seirbiach a bhunú.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

40. I gcomhréir leis na gealltanais maidir leis an iltaobhachas a tugadh ag Cruinniú Mullaigh an Aontais Eorpaigh - an Aontais Afracaigh an 17-18 Feabhra 2022, tacaíonn an Chomhairle Eorpach le láithreacht threisithe an Aontais Afracaigh i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe i bhfóram G20.

## VI. AN MHEÁNMHUIR THOIR

41. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo, leanann an Chomhairle Eorpach de bheith lántiomanta do réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas bunaithe agus an *acquis*. Iarrann an tAontas Eorpach go gcuirfear tús an athuair go pras leis an gcaibidlíocht agus tá sé réidh ról gníomhach a ghlacadh chun tacú le gach céim den phróiseas seo faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, agus leas á bhaint as na modhanna iomchuí uile atá ar fáil dó.

42. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi roimhe seo maidir le caidreamh an Aontais leis an Tuirc, lena n-áirítear iad siúd ó mhí an Mheithimh 2021 agus Ráiteas mhí an Mhárta 2021, agus i bhfianaise na dtoghchán a bhí ann le déanaí sa Tuirc, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí maidir le staid na himeartha i ndáil leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc, ag cur leis na hionstraimí agus leis na roghanna a shainaithin an Chomhairle Eorpach, agus d'fhonn dul ar aghaidh ar bhealach straitéiseach réamhbhreathnaitheach.

## VII. ÁBHAIR EILE

43. Admhaíonn an Chomhairle Eorpach na dúshláin a bhaineann le géarchéimeanna trasearnálacha agus trasteorainneacha, agus le tubaistí, idir thubaistí nádúrtha agus thubaistí de dhéanamh an duine, agus ar measa a lán díobh mar gheall ar an athrú aeráide agus mar gheall ar shíorathrú leanúnach an tírdhreacha slándála san Eoraip agus ar fud an domhain. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an athléimneacht a neartú i réimsí straitéiseacha trí chur chuige uile-ghuaise don ullmhacht agus don fhreagairt lena mbainfí úsáid as na sásraí ábhartha, lena n-áirítear Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.